**Breithiúnas na Cúirte (an Deichiú Dlísheomra) an 8 Márta 2022 an Coimisiún Eorpach v Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann**

**(Cás C-213/19)**

(2022/C 171/03)

*Teanga an cháis: an Béarla*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

---

**Breithiúnas na Cúirte (an Seachtú Dlísheomra) an 3 Márta 2022 – WV v an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS)**

**(Cás C-162/20 P)** [1]

***(Achomharc – Seirbhís shibhialta – Oifigigh – Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh – an chéad mhír d'Airteagal 60 – Asláithreacht neamhrialta – Raon feidhme – Asbhaint as saoire bhliantúil – Pá a choinneáil siar – Oifigigh a mhainnigh a n-oibleagáidí faoi Airteagail 21 agus 55 de na Rialacháin Foirne a chomhlíonadh)***

(2022/C 171/04)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* WV (ionadaí: É. Boigelot, avocat)

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) (ionadaithe: S. Marquardt agus R. Spáč, i gcáil Gníomhairí, le cúnamh ó Troncoso Ferrer, abogado, agus F.-M. Hislaire, avocat)

**An chuid oibríochtúil**

1) Déantar ordú Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 29 Eanáir 2020, WV v SEAE (T 471/18, nár foilsíodh, EU:T:2020:26), a neamhniú.

2) Déantar cinneadh na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) an 27 Samhain 2017 lena ngabhann coinneáil siar pá suas le 72 lá féilire dá bharr agus cinneadh SEGS an 2 Bealtaine 2018 lena ndiúltaítear do ghearán an iarratasóra arna thaisceadh an 3 Eanáir 2018 a neamhniú.

3) Ordaítear do SEGS na méideanna a asbhaineadh go míchuí óna pá, arb ionann iad agus 71,5 lá, a aisíoc leis an iarratasóir. Iompróidh na méideanna sin ús de réir ráta 5 % in aghaidh na bliana ó dháta a n-asbhainte.

4) Íocfaidh SEGS, i dteannta a chostais féin, na costais a thabhaigh WV ag an gcéad chéim agus san achomharc seo.

[1] IO C 320 an 28.09.2020

---